RIALACHÁIN CHUN BAILL DEN FHOIREANN TEAGAISC A THOGHADH CHUN NA COMHAIRLE ACADÚLA

Arna nglacadh ag an Údarás Ceannais
27 Bealtaine 2008

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh

BAILL DEN FHOIREANN TEAGAISC A THOGHADH CHUN NA COMHAIRLE ACADÚLA

1. Réamhrá

1.1 De réir Alt 28 d'Acht na nOllscoileanna, 1997, déantar socrú le haghaidh comhdhéanamh na Comhairle Acadúla i Reachtanna Ollscoil Luimnigh. Maidir le toghadh beirt bhall ar a laghad d'fhoireann teagaisc gach Dáimhe chun na Comhairle Acadúla, a gcinnfidh an Chomhairle agus a gceadóidh an tÚdarás Ceannais a líon, beidh sé de réir na rialachán atá leagtha amach anseo thíos:

2. Cáilitheacht chun Bheith mar Iarrthóir i dToghchán agus chun Vóta a Chaitheamh

2.1 Tá gach ball buan agus lánaimseartha den fhoireann teagaisc ag a bhfuil conarthaí 12 mhí nó níos faide agus is baill de Bhord Foirne Teagaisc an Choláiste tráth toghcháin cáilithe chun vóta a chaitheamh agus bheith mar iarrthóir i dtoghchán. Chun na críche sin féadfar a thabhairt de mhíniú ar bhall den fhoireann teagaisc duine atá ainmnithe mar bhall acadúil den fhoireann, i.e. a sonraítear teideal duine díobh seo a leanas ina chonradh fostaíochta nó ina conradh fostaíochta leis an Ollscoil:

Ollamh
Ollamh Comhlach
Léachtóir Sinsearach
Léachtóir
Léachtóir Sóisearach

2.2 Ní bheidh baill den fhoireann teagaisc a theachtann ballraíocht de bhreis agus Bord Foirne Teagaisc amháin cáilithe chun bheith mar iarrthóir i dtoghchán nó chun vóta a chaitheamh i dtoghchán ach amháin i dtoghcháin a mBoird Foirne Teagaisc féin.

3. Post Fostaíochta

3.1 Maidir le cáilitheacht chun bheith mar iarrthóir i dtoghchán, agus chun bheith tofa, chun na Comhairle Acadúla, ní thugann sé aon stádas ná cearta áirithe maidir leis an bpost fostaíochta a shealbhaítear san Ollscoil i gcás nach raibh an stádas nó na cearta sin ann roimhe sin.

4. Téarma Oifige Ball den Fhoireann Teagaisc a Thoghtar chun na Comhairle Acadúla

4.1 Beidh téarma oifige ball den fhoireann teagaisc a thoghtar chun na Comhairle Acadúla ann ar feadh tréimhse cúig bliana de réir Reachtanna

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh

Ollscoil Luimnigh mura scoireann siad de bheith ina mbaill den Chomhairle Acadúil ar na cúiseanna atá leagtha amach i Roinn 5 thíos.

5. Duine do Scor de Bheith mar Bhall den Chomhairle Acadúil

5.1 I gcás gurb amhlaidh nach gcomhlíonann baill thofa den fhoireann teagaisc a thuilleadh na coinníollacha faoinar toghadh iad chun na Comhairle Acadúla, scoirfidh siad láithreach de bheith ina mbaill thofa den Chomhairle Acadúil.

5.2 I gcás ina n-éireoidh baill thofa den Chomhairle Acadúil as oifig nó ina scoirfidh siad ar cibé cúis ar bith de bheith ina mbaill d'fhoireann teagaisc na hOllscoile, ansin scoirfidh siad láithreach de bheith ina mbaill den Chomhairle Acadúil.

5.3 Déanfaidh an Chomhairle Acadúil socrú chun an corrfholúntas a líonadh a luaithe is indéanta. Cuirfidh Oifig an Déin iomchuí socruithe ar bun chun duine ionaid a thoghadh chun na Comhairle Acadúla ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige na Comhairle Acadúla sin. Beidh an próiseas toghcháin de réir na rialachán a bheidh i réim an tráth sin.

6. Modh Toghcháin

6.1 Beidh feidhm ag an bpróiseas toghcháin arb éard é Ionadaíocht Chionmhar/Vóta Aonair Inaistrithe (PR/STV), de réir na rialacha a rialaíonn toghcháin chun Seanad Éireann, maidir le baill den fhoireann teagaisc a thoghadh chun Comhairle Acadúil na hOllscoile.

6.2 Is é nó í an Déan nó a ainmnitheach nó a hainmnitheach an ceann comhairimh le haghaidh toghcháin baill den fhoireann teagaisc chun na Comhairle Acadúla. Beidh an Rúnaí Gníomhach freagrach as aon achomharc a imscrúdú a bheidh bunaithe ar neamhrialtachtaí líomhnaithe nóis imeachta. Ar bhonn mholtaí an Rúnaí Ghníomhaigh, seasfaidh an tUachtarán le haon achomharc den sórt sin nó déanfaidh sé nó sí é a dhíbhe.